C/2025/642

10.2.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Eanáir 2025

lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiún na Polainne

(C/2025/642)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach ([1]), mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme ([2]), agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát ([3]), is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, mar aon le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht, a chur chun cinn trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha a chosc. Lena chois sin, cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma agus, ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí na rialacha i gceist leis.

(2) Na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Ba cheart dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: (i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus (ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Chuige sin, ba cheart gealltanas meántéarmach maidir le conair ghlanchaiteachais ([4]) a chur isteach i ngach plean, lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar ghnáth-théarma an reachtais i mBallstát). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát sin aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

([3]) Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

([4]) Glanchaiteachas, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan: (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(3) Tar éis thíolacadh an phlean, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

(4) Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh a fháil ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh ansin ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh sí formhuiniú ar an tsraith gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá ina mbonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh.

BREITHNITHE MAIDIR LE PLEAN FIOSCACH-STRUCHTÚRACH MEÁNTÉARMACH NÁISIÚNTA NA POLAINNE

(5) An 9 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Pholainn a plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Rinneadh an tíolacadh tar éis síneadh a bheith curtha leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún i bhfianaise na gcúiseanna a sholáthair an Pholainn.

An próiseas sular tíolacadh an plean

(6) Chun bonn a chur faoin idirphlé as a dtiocfaidh tíolacadh pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta, sheol an Coimisiún, an 21 Meitheamh 2024, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair thagartha ([5]) chuig an bPolainn. D'fhoilsigh an Coimisiún an chonair thagartha an 9 Deireadh Fómhair 2024 ([6]). Tá an chonair thagartha rioscabhunaithe agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI le linn na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 6, pointí (d), Airteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an tagarmharc easnaimh, leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais agus leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh. Leagtar amach i gconair thagartha na Polainne, bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin atá mar bhonn taca leis an treoir a tugadh roimh ré i mí an Mheithimh 2024 agus ag glacadh leis go mbeidh tréimhse choigeartúcháin 4 bliana ann, nár cheart go bhfásfadh glanchaiteachas níos mó ná na luachanna a thugtar i dTábla 1. Comhfhreagraíonn sé sin do mheánfhás glanchaiteachais 4,5 % thar an tréimhse choigeartúcháin (2025–2028).

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún don Pholainn an 21 Meitheamh 2024

	2025	2026	2027	2028	Meán 2025-2028
Uasfhás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	5,3	4,6	4,2	3,9	4,5

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Pholainn agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil ó mhí Iúil go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an bPolainn agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi (go háirithe aschur ionchasach, rátaí úis, díbhoilsceoir OTI agus iolraitheoirí fioscacha), diall ón gcoimirce maidir le siarchoinneáil a chosc, chomh maith leis an soláthar atá beartaithe maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir digiteach agus glas, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus neartú na gcumas cosanta.

(8) De réir na faisnéise a chuir an Pholainn ar fáil ina plean, níor tharla próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha (lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta) sular cuireadh isteach é mar a fhoráiltear in Airteagal 11 (3) de Rialachán (AE) 2024/1263, i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha dá bhforáiltear in Airteagal 36(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263. Ag an am céanna, de réir na faisnéise a chuir an Pholainn ar fáil ina plean,

([5]) Cuimsítear leis an treoir a tugadh roimh ré do na Ballstáit agus don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais conairí gan síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus le síneadh a chur léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheastacháin fiachais meántéarmach rialtais an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023 (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-sustainability-monitor-2023_en). Is ar Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2033 atá sé bunaithe, agus tá fás fadtéarmach OTI agus na costais aosaithe i gcomhréir le Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ar an Aosú ón gCoimisiún agus ón gComhairle (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_en).

([6]) https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_en#poland.

i mí Mheán Fómhair 2024, chuaigh an Pholainn i mbun plé maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe le hionadaithe na sochaí sibhialta agus le comhpháirtithe sóisialta faoi chuimsiú an 'Grúpa um an Seimeastar Eorpach' náisiúnta.

Próisis eile lena mbaineann

(9) An 26 Iúil 2024, shuigh an Chomhairle gur ann d'easnamh iomarcach sa Pholainn mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh ([7]). Tá an Moladh seo i gcomhthráth leis an Moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach sa Pholainn ([8]). Le glacadh comhuaineach na moltaí sin, atá saincheaptha don aistriú chuig an gcreat nua rialachais eacnamaíoch agus a bhfuil údar leis an aistriú sin, áirithítear comhsheasmhacht idir na conairí coigeartaithe atá molta.

(10) An 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na Polainne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([9]).

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS AN MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN AIR SIN

(11) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(12) Tháinig méadú 0,1 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch sa Pholainn in 2023, mar gheall ar ghlanonnmhairí dearfacha agus infheistíocht bhuacach, agus rannchuidigh fardail agus tomhaltas príobháideach go diúltach. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 3,0 % ar an ngeilleagar in 2024, mar gheall ar thomhaltas láidir príobháideach agus poiblí chomh maith le rannchuidiú dearfach ón infheistíocht. In 2025, tiocfaidh méadú 3,6 % ar fhíor-OTI, toisc go bhfuil fás an tomhaltais láidir i gcónaí, agus cuirfear dlús leis an infheistíocht. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 3,1 % ar fhíor-OTI, le ranníocaíochtaí dearfacha ó thomhaltas príobháideach agus poiblí chomh maith le hinfheistíocht. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e. 2024-2026), meastar go bhfásfaidh OTI ionchasach sa Pholainn beagán faoi bhun 3 %, rud atá níos laige ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, arna spreagadh ag rannchuidiú saothair níos ísle. Ba é 2,8 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gur 2,9 % a bheidh ann in 2024 agus 2,8 % in 2025 agus 2,7 % in 2026. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an mboilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 9,5 % in 2023 go 3,9 % in 2024, agus go sroichfidh sé 4,6 % in 2025 agus 3,0 % in 2026.

(13) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ginearálta na Polainne 5,3 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, beidh an barrachas cothrom le 5,8 % de OTI in 2024 agus tiocfaidh laghdú air go 5,6 % de OTI in 2025 agus, ar bhonn 'gan beartas a athrú', go dtí 5,3 % in 2026. Áirítear i Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún dréachtbhuiséad na Polainne le haghaidh 2025 a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí Mheán Fómhair. Ba é 49,7 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, maidir leis an gcóimheas fiachais, meastar go dtiocfaidh méadú air go 54,7 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú air go 58,9 % de OTI ag deireadh 2025 agus 62,4 % ag deireadh 2026. Sa réamhaisnéis fhioscach ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha le fírinne go dtí go gcuirtear taca fúthu le bearta beartais nithiúla arna bhfógairt go hinchreidte agus arna sonrú go leordhóthanach.

An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(14) Cumhdaítear le plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Polainne an tréimhse 2025-2028 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair ann i gcaitheamh 4 bliana.

(15) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.

(16) Tugtar gealltanas sa phlean i leith na conaire glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 4,5 % i gcaitheamh na mblianta 2025-2028. Tá an meánfhás glanchaiteachais arna thuairisciú sa phlean le linn na tréimhse coigeartúcháin (2025-2028) i gcomhréir tríd is tríd leis ([10]) an meánfhás glanchaiteachais sa chonair thagartha arna tarchur ag an gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024. Glactar leis sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar fhás OTI ionchasaigh ó 3,2 % in 2024 agus 3,3 % in 2025 go 1,6 % in 2028. Ina theannta

([7]) https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/2133/oj.
([8]) Moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach sa Pholainn, 26.11.2024, COM(2024) 956 final.
([9]) Moladh ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Polainne.
([10]) Níl an difríocht le feiceáil mar gheall ar shlánú.

sin, meastar sa phlean go dtiocfaidh méadú ar ráta fáis an díbhoilsceora OTI ó 3,6 % in 2024 go 5,0 % in 2025, agus ansin go laghdóidh sé de réir a chéile go 4,7 % in 2026, 4,3 % in 2027 agus 4,0 % in 2028.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na Polainne

	2024	2025	2026	2027	2028	Meánfhás i rith thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2028
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	12,5	6,3	4,4	4,0	3,5	4,5
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2023, %)	12,5	19,6	24,9	29,9	34,4	n/b
Fás OTI ionchasaigh (%)	3,2	3,3	2,0	1,7	1,6	2,2
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	3,6	5,0	4,7	4,3	4,0	4,5

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Polainne agus ríomhanna ón gCoimisiún.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

(17) Dá dtiocfadh an chonair ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean mar aon leis na toimhdí bunúsacha i gcrích, mhéadódh fiachas rialtais ghinearálta, de réir an phlean, ó 54,6 % in 2024 go 61,3 % de OTI in 2027 agus laghdódh sé go 61,2 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028), de réir an tábla seo a leanas. Tar éis an choigeartaithe, sa mheántéarma (i.e. go dtí 2038), meastar go leanfadh an cóimheas fiachais de bheith ag laghdú de réir an phlean síos go dtí 52,8 % de OTI faoi 2038. Dá bhrí sin, de réir an phlean, thabharfaí fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántéarma. Tá sé seo inchreidte bunaithe ar thoimhdí an phlean, toisc go meastar go seasfaidh fiachas faoi bhun 60 % den OTI faoi 2038 faoi gach tástáil struis chinnteachaíoch ar Anailís Inbhuanaitheachta Fiachais an Choimisiúin. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, tá an chonair ghlanchaiteachais a luaitear sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le fiachas a leagtar amach in Airteagail 6, pointe (a), agus 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na Polainne

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2038
Fiachas rialtais (% de OTI)	49,6	54,6	58,4	60,9	61,3	61,2	52,8
Comhardú rialtais (% de OTI)	- 5,1	- 5,7	- 5,5	- 4,5	- 3,7	- 2,9	- 2,0

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Polainne.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(18) Bunaithe ar chonair ghlanchaiteachais agus toimhdí an phlean, laghdódh an t-easnamh rialtais ghinearálta de réir a chéile ó 5,7 % de OTI in 2024 go 2,9 % de OTI in 2028. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2038), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí

sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, bheadh an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (b), agus Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh

(19) Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh, arna tomhas mar an t-athrú ar an bpríomhchomhardú struchtúrach, mar a thuairiscítear sa phlean, déantar í a shiarchoinneáil ó 2025 go 2026-2028 i gcomparáid leis an gconair líneach dá dtagraítear mar riail faoi Airteagal 6, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263. De réir an phlean, tá bonn cirt leis an diall sin ón gcoimirce maidir le siarchoinneáil a chosc faoin bhforáil idirthréimhseach in Airteagal 36(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2024/1263 de bharr an chaiteachais níos airde arna mhaoiniú le hiasachtaí de chuid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cómhaoiniú chistí an Aontais in 2025 (a mheastar go dtiocfaidh méadú 0,16 % agus 0,03 % de OTI faoi seach air), chomh maith leis an méadú ar infheistíocht i réimse na cosanta in 2025 (méadú beartaithe 0,25 % de OTI). Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, bheadh an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gcoimirce maidir le siarchoinneáil a chosc a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (c), agus leis an bhforáil idirthréimhseach in Airteagal 36(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 4: Forbairtí ar an bpríomhchomhardú struchtúrach i bplean na Polainne

	2023	2024	2025	2026	2027	2028
Príomhchomhardú struchtúrach (% de OTI)	- 2,5	- 2,9	- 2,6	- 1,5	- 0,5	0,4
Athrú ar an bpríomhchomhardú struchtúrach (pps.)	n/b	- 0,4	0,3	1,1	1,0	1,0

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Polainne.

Comhsheasmhacht an phlean leis an nós imeachta um easnamh iomarcach

(20) Tá an chonair ghlanchaiteachais a leagtar amach sa phlean i gcomhréir leis na ceanglais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach (go háirithe leis an gcoigeartú struchtúrach bliantúil íosta a bhunaítear in Airteagal 3(4), an tríú fomhír de Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle, tar éis an méadú atá beartaithe ar infheistíocht chosanta a mheas mar thoisc ábhartha).

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(21) An ceanglas maidir leis an gcuid choisctheach a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 i ndáil leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh, arb é is aidhm di corrlach coiteann a sholáthar i gcoibhneas leis an luach tagartha easnaimh 3 % de OTI, níl feidhm aige maidir leis an bPolainn ós rud é go bhfuil sé beartaithe an t-easnamh a thabhairt faoi bhun 3 % de OTI sa bhliain dheireanach den tréimhse choigeartúcháin amháin.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(22) De réir an phlean, beidh fiachas rialtais ghinearálta idir 60 % agus 90 % de OTI in 2026-2028. Mar sin féin, ós rud é, de réir an phlean, go rachadh an t-easnamh rialtais faoi bhun 3 % de OTI in 2028, rud a d'fhágfadh go n-aisghairfí an cinneadh lena suitear gur ann d'easnamh iomarcach sa bhliain tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, níl feidhm ag an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bplean.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(23) Tá an plean bunaithe ar thacar toimhdí atá éagsúil le toimhdí an Choimisiúin a tarchuireadh chuig an bPolainn an 21 Meitheamh 2024. Go háirithe, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean le haghaidh naoi n-athróg, eadhon an túsphointe (comhardú rialtais ghinearálta in 2024), fás OTI ionchasaigh, díbhoilsceoir OTI in 2024 agus 2025, fás fíor-OTI in 2024 agus 2025, rátaí úis, struchtúr fiachais, iolraitheoir fioscach, coigeartuithe sreabhaidh i leith stoic, agus tá próifíl coigeartaithe shiarchoinnithe ann. Tugtar measúnú ar na difríochtaí sin anseo thíos. Liostaítear thíos na difríochtaí i dtoimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar mheánfhás glanchaiteachais, mar aon le measúnú ar gach difríocht sna toimhdí a bhreithnítear gan aon rud eile san áireamh.

— Glactar leis sa phlean go bhfuil seasamh tosaigh níos measa ann i gcomparáid le toimhde an Choimisiúin. Ba é - 2,6 % de OTI an príomhchomhardú struchtúrach sa treoir a tugadh roimh ré agus is é - 2,9 % de OTI an méid sin sa phlean. Léiríonn an príomhchomhardú struchtúrach níos ísle sa phlean toradh buiséadach níos measa sa chéad trí ráithe de 2024 mar gheall ar olltoradh ioncaim níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe ó CBL agus ó cháin ioncaim chorparáide, chomh maith le caiteachas níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin agus is é an tionchar a imríonn sé meánfhás glanchaiteachais níos lú i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin.

— Glactar leis sa phlean go sroichfidh díbhoilsceoir OTI 3,6 % in 2024, 5,0 % in 2025, 4,7 % in 2026, 4,3 % in 2027, agus 4,0 % in 2028. Cuireann sin le meánfhás glanchaiteachais níos mó i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Sa treoir a tugadh roimh ré, thuar an Coimisiún díbhoilsceoir OTI 4,5 % in 2024 agus 4,2 % in 2025. Léiríonn an difríocht idir an plean agus an treoir a tugadh roimh ré an amlíne athbhreithnithe chun deireadh iomlán a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta fuinnimh, ar glacadh leis roimhe seo go dtarlódh sé i mí Iúil 2024, ach a cuireadh siar go dtí mí Eanáir 2025 de réir reachtaíocht na Polainne atá ann cheana mar a mhínítear sa phlean agus i gcomhréir le Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún freisin. Tá réamh-mheastacháin fáis díbhoilsceora OTI do na blianta atá fágtha den phlean beagán faoi bhun an méid a thabharfadh riail an chóineasaithe mheántéarmaigh ón luach tosaigh níos airde le haghaidh 2025 le tuiscint. Ar an iomlán, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

— Glactar leis sa phlean go sroichfidh rátaí úis intuigthe ainmniúla 4,9 % in 2024, 5,2 % in 2025, 4,6 % in 2026, 4,5 % in 2027, agus 4,4 % in 2028. Cuireann sin le meánfhás glanchaiteachais níos mó i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Toimhdíodh i dtreoir arna tabhairt roimh ré ag an gCoimisiún go mbeadh rátaí úis intuigthe ainmniúla 4,8 % ann in 2024, 4,8 % in 2025, 5,1 % in 2026, 5,2 % in 2027, agus 5,4 % in 2028. Léiríonn rátaí úis ainmniúla intuigthe níos ísle an phlean rátaí úis níos ísle sa mhargadh, sciar níos airde fiachais lena mbaineann rátaí úis gearrthéarmacha sa mhargadh chun méid suntasach an fhiachais fhadtéarmaigh a eisítear lena mbaineann rátaí úis athraitheacha a léiriú, maolú ionchasach ar rátaí beartais an bhainc ceannais ó 2025 agus aibíocht an-ghearr fhiachas poiblí na Polainne. Ar an iomlán, meastar go bhfuil údar cuí le toimhde an phlean trí úsáid a bhaint as sonraí margaidh níos déanaí, dianscaoileadh fiachais níos gráinní agus tosca tírshonracha atá ábhartha do réamh-mheastacháin fiachais.

— Mar a luaitear thuas, glactar leis sa phlean próifíl ama den choigeartú fioscach, arna tomhas mar an t-athrú ar an bpríomhchomhardú struchtúrach, a dhéantar a shiarchoinneáil go 2026–2028. Is é an tionchar a imríonn siad meánfhás glanchaiteachais níos lú i rith na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Is iad na cúiseanna a liostaítear in aithris 19 is cúis leis an difríocht sin. An tráth céanna, tugann an ráta fáis glanchaiteachais in 2025 le tuiscint go dtiocfaidh feabhas níos mó ar an bpríomhchomhardú struchtúrach in 2025 ná mar a léirítear sa phlean bunaithe ar chreat réamh-mheastacháin fiachais meántéarmach rialtais an Choimisiúin. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

Tríd is tríd, le tionchar na dtoimhdí a bhfuil údar cuí leo, neodraítear tionchar na staide fioscaí tosaigh is measa ar an meánfhás glanchaiteachais. Cé nach bhfuil na difríochtaí eile i dtoimhdí comhsheasmhach i gcónaí leis an gcomhchreat DSA, níl tionchar suntasach acu ar an meánfhás glanchaiteachais i gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean san áireamh i measúnuithe a dhéanfaidh sé amach anseo ar chomhlíonadh na conaire glanchaiteachais.

Straitéis fhioscach sa phlean

(24) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a sheachadadh trí shrian ar chaiteachas agus trí mhéaduithe lánroghnacha ar ioncam araon. Tá an comhdhlúthú fioscach atá beartaithe in 2025 bunaithe ar an gcaiteachas agus ar na hioncaim atá beartaithe a áirítear i ndréachtbhuiséad 2025. Áirítear leis sin tionchar fioscach na dtairseach cánach ioncaim phearsanta sheasta, méaduithe ar dhleachtanna máil, cealú an ráta CBL níos ísle ar bhia, aistarraingt beart tacaíochta fuinnimh ar cuireadh síneadh leo go dtí deireadh 2024 agus reo luach ainmniúil roinnt sochar sóisialta (lena n-áirítear cláir *Family 800 Plus* agus *Active Parent*). Sna 3 bliana ina dhiaidh sin den phlean, tá an comhdhlúthú fioscach le baint amach trí bhearta ar thaobh an ioncaim agus an chaiteachais araon, agus i ranníocaíochtaí comhionanna, a bheag nó a mhór, ó gach taobh. In 2026-2028, áirítear ar na príomhbhearta ioncaim leanúint de thairseacha ainmniúla le haghaidh cáin ioncaim phearsanta a reo agus dleachtanna máil ar alcól agus tobac a mhéadú. Ó thaobh an chaiteachais de, is iad na príomhbhearta atá ann

teorainn a chur le *fás* ainmniúil thomhaltas idirmheánach an rialtais agus le fás ainmniúil sochar slándála sóisialta gan pinsin a áireamh. Tá sonraíocht na mbeart beartais atá le glacadh le dearbhú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla. Ag an am céanna, tá rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, rioscaí a eascraíonn as rioscaí do na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca faoin bplean agus na riachtanais chaiteachais mhéadaitheacha ar chosaint, rud a d'fhéadfadh srian ar mhíreanna eile glanchaiteachais a bheith i gceist leis. Sonraítear sa bhuiséad a chuir an rialtas síos sa pharlaimint náisiúnta i mí Mheán Fómhair 2024 do 2025 na bearta beartais trína mbainfear amach an gealltanas glanchaiteachais do 2025.

Rúin infheistíochtaí agus athchóirithe sa phlean a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais

(25) Déantar cur síos sa phlean ar rúin bheartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun freagairt ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Áirítear sa phlean ceithre athchóiriú agus infheistíocht dhéag lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais, agus faigheann aon cheann déag díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus sé cinn acu ó chistí an bheartais comhtháthaithe.

(26) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le haistriú cothrom glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, áirítear sa phlean infheistíochtaí in idirlíon ardluais, róbatú agus digiteáil gnólachtaí, claochlú digiteach gnólachtaí trí néalríomhaireacht a úsáid chomh maith le hathchóirithe a bhaineann leis an gclaochlú glas i gceantair uirbeacha agus cáilíocht an uisce lena thomhailt ag an duine agus infheistíocht in úsáid inbhuanaithe acmhainní uisce i gceantair thuaithe. Tá sé beartaithe leis na bearta sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin arna sainaithint ag na moltaí tírshonracha, go háirithe na dúshláin sin a thagraíonn do dhigiteáil gnólachtaí (a mholtar in 2024 agus 2022), nuálaíochtaí (2022 agus 2019) chomh maith le hacmhainní uisce (2024).

(27) Maidir le tosaíocht chomhchoiteann na hathléimneachta sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, áirítear sa phlean athchóiriú a mheastar a chothóidh nuálaíocht agus iomaíochas an gheilleagair trí mhaoin thionsclaíoch a chosaint ar bhealach níos láidre, bearta lena bhfeabhsófar rochtain ar sholáthar poiblí do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide chomh maith le hathchóiriú ar an gcóras cúraim fhadtéarmaigh. Tá sé beartaithe leis na bearta sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin arna sainaithint ag na moltaí tírshonracha, go háirithe na dúshláin sin a thagraíonn do chúram fadtéarmach (a mholtar in 2024, 2022 agus 2019) chomh maith leis an soláthar poiblí (2024).

(28) Maidir le tosaíocht chomhchoiteann na slándála fuinnimh, áirítear sa phlean athchóiriú ar fhuinneamh gaoithe chomh maith le hinfheistíochtaí i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta, córais stórála fuinnimh, teicneolaíochtaí hidrigine, bonneagar fuinnimh chomh maith le bearta tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite. Tá sé beartaithe leis na bearta sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha, go háirithe na dúshláin sin a thagraíonn do théamh ceantair (a mholtar in 2024), d'fhuinneamh in-athnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinnimh (2023 agus 2022) agus do bhonneagar fuinnimh (2019).

(29) Maidir le tosaíocht chomhchoiteann na gcumas cosanta, áirítear sa phlean faisnéis maidir le hinfheistíochtaí chun cumas cosanta na Polainne a neartú, a chuirtear i láthair i gcomhthéacs an Aontais agus ECAT. Tiocfaidh méadú ar an gcaiteachas ar chosaint ó 2,6 % de OTI in 2024 go 2,8 % de OTI in 2025, lena n-áirítear méadú 0,25 pointe céatadáin ar infheistíochtaí míleata (ó 0,7 % de OTI go 0,9 % de OTI, faoi seach). Sna blianta ina dhiaidh sin den tréimhse choigeartúcháin, tá an caiteachas ar chosaint le bheith cothrom le 3 % de OTI ar a laghad (i dtéarmaí airgid thirim) mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta.

(30) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, comhlántacht, le cistí an bheartais comhtháthaithe agus le plean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne. Maoinítear an chuid cheannasach de na bearta a áirítear sa phlean le cistí an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Is iad na bearta nach mbaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta na bearta sin a bhaineann le maoin thionsclaíoch a chosaint, soláthar poiblí agus uisce lena thomhailt ag an duine a fheabhsú. Ina theannta sin, baineann cúig bheart tairbhe as cistiú chistí an bheartais comhtháthaithe agus baineann beart amháin tairbhe as an gComhbheartas Talmhaíochta freisin.

(31) Soláthraítear leis an bplean forléargas ar riachtanais infheistíochta poiblí na Polainne a bhaineann le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais a chomhlíonadh. Maidir le haistriú cothrom glas agus digiteach chomh maith le slándáil fuinnimh, taispeánann an plean torthaí na tuarascála 'Todhchaí an iomaíochais Eorpaigh' ([11]), ina gcuirtear i dtábhacht an gá atá le hinfheistíochtaí chun praghsanna fuinnimh a ísliú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí an phlean téarnaimh agus athléimneachta i dtáirgeadh agus i stóráil hidrigine in-athnuaite agus feirmeacha gaoithe a thógáil, chomh maith leis an ngá atá le scileanna digiteacha agus rochtain ar idirlíon ardluais a fheabhsú. Maidir le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, leagtar béim sa phlean ar an ngá atá le neamhspleáchas eacnamaíoch

([11]) Draghi, M., '*The future of European competitiveness*', [Todhchaí an iomaíochais Eorpaigh], an Coimisiún Eorpach, Meán Fómhair 2024.

níos fearr a bhaint amach, lena n-áirítear trí shlándáil shlabhraí soláthair na bpríomh-amhábhar criticiúil agus na leathsheoltóirí criticiúla a áirithiú. Mínítear sa phlean freisin, i gcás roinnt beartais phoiblí, lena n-áirítear beartas fuinnimh, sláinte, sóisialta agus oideachais, go bhfuil athbhreithniú ar athchóirithe agus ar infheistíochtaí ar siúl lena gcuirtear teorainn leis an raon feidhme chun measúnú níos beaichte a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta go dtí 2028. Maidir le cumais chosanta a mhéadú, áirítear sa phlean méadú níos mó ná 2 % de OTI ar chaiteachas cosanta, i gcomhréir le gealltanais ECAT. Tagraítear sa phlean freisin do na dálaí seachtracha atá ag athrú, lena n-áirítear cogadh foghach na Rúise, agus tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais atá ag teacht chun cinn agus na riachtanais infheistíochta a eascraíonn as sin.

Conclúid an mheasúnaithe ón gCoimisiún

(32) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean na Polainne ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN ÓN gCOMHAIRLE

(33) Is díol sásaimh don Chomhairle plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Polainne agus measann sí go gcabhródh a chur chun feidhme iomlán le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú agus le tacú le hinbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach.

(34) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an bplean. Mar sin féin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a mheasúnú ar phleananna amach anseo a chur i láthair i ndoiciméad ar leithligh ó na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle.

(35) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an gconair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean, lena n-áirítear i ndáil leis an treoir a thug an Coimisiún roimhe seo, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le conair ghlanchaiteachais an phlean d'easnamh agus fiachas rialtais. Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún go bhfuil údar cuí ar an iomlán leis na toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha, cé go bhfuil siad éagsúil i gcásanna áirithe le toimhdí an Choimisiúin, lena n-áirítear chun freastal ar shonraí maicreacnamaíocha agus fioscacha nuashonraithe, agus go bhfuil argóintí eacnamaíocha fónta mar bhonn taca leo. Tugann an Chomhairle dá haire straitéis fhioscach leathan an phlean agus na rioscaí don ionchas, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do theacht chun cinn an cháis mhaicreacnamaíoch agus do na toimhdí bunúsacha agus do sheachadadh chonair ghlanchaiteachais an phlean. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh na páirtithe leasmhara ábhartha rannpháirteach ar an leibhéal náisiúnta sular tíolacadh an plean. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhféadfadh rioscaí geopholaitiúla brú a chur ar chaiteachas cosanta. Go háirithe, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil tionchar ag an timpeallacht slándála atá ag dul in olcas, mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar an ngeilleagar agus go bhfuil iarmhairtí aige sin ar an airgeadas poiblí sa Pholainn.

(36) Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh an Pholainn réidh chun a straitéis fhioscach a choigeartú de réir mar is gá chun a conair ghlanchaiteachais a áirithiú. Tá rún daingean ag an gComhairle dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus fioscacha, lena n-áirítear iad siúd is bonn le cás an phlean.

(37) Measann an Chomhairle go bhfuil gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhthuiscint maidir leis na himpleachtaí bliantúla faireachais a bhaineann leis na rátaí fáis carnacha glanchaiteachais in am don chéad bhabhta eile den fhaireachas fioscach.

(38) Tugann an Chomhairle dá haire an tuairisc ón gCoimisiún ar na riachtanais agus na rúin infheistíochtaí agus athchóirithe a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin i gcrích. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascálacha a thíolacfaidh an Coimisiún, measúnú ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin agus déanfaidh sí faireachán ar a gcur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

(39) Tá an Chomhairle ag tnúth leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ón Polainn ina mbeidh, go háirithe, faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais mar a leag an Chomhairle síos í, agus faoi chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(40) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais mar a leagtar amach sa phlean í a mholadh don Pholainn.

AG MOLADH LEIS SEO go ndéanfadh an Pholainn mar a leanas:

1. a áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis glanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

An Pholainn

Bliain		2025	2026	2027	2028
Rátaí fáis (%)	Bliantúla	6,3	4,4	4,0	3,5
	Carnacha (*)	19,6	24,9	29,9	34,4

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2023. Úsáidtear na rátaí fáis carnacha san fhaireachán bliantúil ar chomhlíonadh *ex post* sa chuntas rialaithe.